Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2018**
**(OR. en)**

**12321/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0336 (COD)**

**INST 333**
**PE 114**
**FIN 683**
**CODEC 1499**
**DATAPROTECT 185**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meán Fómhair 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 636 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (EU, Euratom) Uimh. 1141/2014 i dtaca le nós imeachta fíorúcháin a bhaineann le sáruithe ar rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta i gcomhthéacs toghchán do Pharlaimint na hEorpa *Tuairim ón Coimisiún Eorpach le haghaidh chruinniú na gCeannairí in Salzburg an 19-20 Meán Fómhair 2018* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 636 final.

Faoi iamh: COM(2018) 636 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.9.2018
COM(2018) 636 final

2018/0336 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (EU, Euratom) Uimh. 1141/2014 i dtaca le nós imeachta fíorúcháin a bhaineann le sáruithe ar rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta i gcomhthéacs toghchán do Pharlaimint na hEorpa**

***Tuairim ón Coimisiún Eorpach le haghaidh chruinniú na gCeannairí in Salzburg an 19-20 Meán Fómhair 2018***

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá an daonlathas ar cheann de na luachanna bunúsacha ar bunaíodh an tAontas Eorpach orthu. Le deimhin a dhéanamh d'fheidhmiú an daonlathais ionadaíoch ar an leibhéal Eorpach, is é a chinntítear sna conarthaí go bhfuil ionadaíocht dhíreach ag saoránaigh an Aontais Eorpaigh i bParlaimint na hEorpa.

Tá ról ríthábhachtach ag na páirtithe polaitiúla sa daonlathas polaitiúil, ról a chruthaíonn ceangal díreach idir na saoránaigh agus an córas polaitiúil, rud a chuireann le dlisteanacht an chórais. De réir Airteagail 10 den Chonradh ar an Aontas Eorpach "rannchuidíonn páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmliú agus le toil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl". Cuirtear an prionsabal céanna in iúl in Airteagal 12(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

I mí Feabhra 2018, d'eisigh an Coimisiún Moladh[1] maidir le cur le hEorpachas agus le riar éifeachtach na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa in 2019, moladh a cuireadh faoi bhráid na mBallstát agus faoi bhráid na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus náisiúnta. Ar na nithe a bhí ann, bhí achainí ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus náisiúnta an trédhearcacht a mhéadú maidir leis an gcleamhnacht agus na naisc a ghabhann le gach ceann díobh faoi seach, agus iarradh ar na páirtithe polaitiúla sin feasacht na saoránach a mhéadú maidir leis na ceisteanna atá á bplé ar leibhéal an Aontais, agus fiafraíodh díobh cé mar a thabharfaidh siad aghaidh ar na ceisteanna sin sa chéad pharlaimint eile.

Is ceart bunúsach atá sa chosaint sonraí san Aontas Eorpach, agus tá rialacha daingne sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[2] um chosaint an chirt bhunúsaigh seo. Thar aon ní, ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach agus go cóir.

Is den phoitéinseal atá sa chumarsáid ar líne go dtarlódh idirghníomhú díreach agus idirghníomhú níos dlúithe dá bharr idir lucht polaitíochta agus saoránaigh na hEorpa. San am céanna, tá tuilleadh contúirte ann dá bharr go ndéanfaí próiseáil mhídhleathach ar shonraí pearsanta na saoránach i gcomhthéacs an toghcháin. Is léir de bharr imeachtaí a bhí ann le deireanas gur rud í mí-úsáid na rialacha um chosaint sonraí a chuireann isteach ar an díospóireacht dhaonlathach agus ar thoghcháin shaora, toghcháin do Pharlaimint na hEorpa san áireamh.

In 2018, mar gheall ar chás Facebook/Cambridge Analytica maidir le próiseáil mhídhleathach sonraí pearsanta lucht úsáide Facebook, rud a cuireadh i leith cuideachta Cambridge Analytica, bhí imní mhór ann faoin tionchar a bheadh ag sáruithe cosaint sonraí ar phróiseas na dtoghchán. Tá fiosruithe á ndéanamh mar gheall ar an gcás áirithe sin, *inter alia* ag Oifig Choimisinéir Faisnéise na Ríochta Aontaithe, an t-údarás maoirseachta um chosaint sonraí atá i bhfeighil ar an bhfiosrú san Eoraip i bpáirt le húdaráis mhaoirseachta eile um chosaint sonraí san Eoraip. Tá dlúthchaidreamh idir an Coimisiún agus na húdaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí, agus tá súil ghéar ag an gCoimisiún ar an bpróiseas seo. Tá an cás sin á fhiosrú ag Coimisiún Feidearálach Trádála na Stát Aontaithe. Tionóladh sraith éisteachtaí i bParlaimint na hEorpa maidir leis an gcás agus maidir leis an tionchar atá aige ar shonraí pearsanta daoine aonair san Aontas.

---

[1] Moladh ón gCoimisiún (AE) 2018/234 an 14 Feabhra 2018 maidir le feabhas a chur ar Eorpachas agus ar riar éifeachtach na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa in 2019, IO 45, 17.2.2018, lch 40).

[2] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, rialachán lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

Rialachán Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha[3], is rialachán é a tugadh isteach le cur le sofheictheacht, le haithint, le héifeachtúlacht, le trédhearcacht agus le cuntasacht na bpáirtithe polaitiúla san Eoraip, agus na bhfondúireachtaí polaitiúla lena bhfuil siad i gcleamhnacht. De thoradh an Rialacháin sin, páirtithe polaitíochta agus fondúireachtaí Eorpacha a raibh líon áirithe coinníollacha comhlíonta acu, tugadh deis dóibh a bheith ina n-eintitis dhlíthiúla Eorpacha ach clárú ar an leibhéal Eorpach, agus bhí rochtain acu ar thacaíocht airgeadais ón Eoraip dá bharr sin. I measc na gcoinníollacha sin, tá urraim ina gclár oibre agus ina gcuid gníomhaíochtaí araon do na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe, luachanna atá liostaithe in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach: urraim do dhínit an duine, don tsaoirse, don daonlathas, don chomhionannas, don smacht reachta, agus urraim do chearta an duine, cearta lucht mionlaigh san áireamh. Cuireadh Údarás neamhspleách do pháirtithe agus d’fhondúireachtaí Eorpacha ar bun (“an tÚdarás”), údarás ar feidhm dó páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chlárú agus a chur faoi fhaireachán, agus smachtbhannaí a chur orthu más gá, agus cásanna a mheas ina bhfuil sé le cur i leith na n-eintiteas sin nár thug siad urraim do na luachanna bunúsacha Eorpacha sin.

Cé ea áfach, na rialacha atá ann faoi láthair, ní dá mbua díspreagadh le mí-úsáid rialacha um chosaint sonraí a dhéanamh go héifeachtach, ná smachtbhannaí a chur i bhfeidhm go héifeachtach i gcás mí-úsáid a dtarlódh di tionchar a imirt ar an díospóireacht dhaonlathach agus ar thoghcháin shaora.

Le deimhin a dhéanamh de gur faoi rialacha daonlathacha daingne a thionólfar toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, agus gur faoi lán-urraim do luachanna Eorpacha an daonlathais a thionólfar iad, tá leasú á bheartú ag an gCoimisiún ar Rialachán Uimh. 1141/2014 go díreach. Is éard is aidhm don leasú smachtbhannaí airgeadais a cheadú ar pháirtithe nó ar fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a úsáideann sárú na rialacha um chosaint sonraí d’aon turas le tionchar a imirt ar thorthaí toghchán do Pharlaimint na hEorpa nó le féachaint le tionchar a imirt orthu.

Is rud é an moladh a chuirfidh ar a chumas don Údarás freisin obair leis go mín éifeachtach ach deimhin a dhéanamh de go bhfuil foireann dá chuid féin aige agus go gceaptar an Stiúrthóir atá air ina údarás ceapacháin. Ba cheart go gcuirfeadh sin ar a acmhainn don Údarás a chuid tasc a chomhlíonadh go hiomlán, agus sin a dhéanamh go neamhspleách. San am céanna, ionas gur féidir friotháil ar an Údarás agus é ag iarraidh tuilleadh foirne, agus i bhfianaise an ról ríthábhachtach a bheidh ag an Údarás san am díreach roimh thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, tá an Coimisiún sásta an 6 foirne breise an d’iarr an tÚdarás a chur ar fáil láithreach ar bhonn sealaíochta, rud a dtiocfadh deireadh leis ach a mbeadh soláthar ann d’fhoireann bhuan.

Is iad na forálacha náisiúnta i ngach Ballstát faoi seach a rialaíonn an nós imeachta a ghabhann le toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Tá ról ríthábhachtach leis na páirtithe polaitiúla sa daonlathas polaitiúil, ról a chruthaíonn ceangal díreach idir na saoránaigh agus an córas polaitiúil. Déanann páirtithe polaitiúla náisiúnta agus réigiúnacha iarrthóirí a ainmniú, agus eagraíonn siad feachtais toghchánaíochta. Is ar na húdaráis náisiúnta atá cúram faireacháin na dtoghchán ar an leibhéal náisiúnta. Eagraíonn na páirtithe polaitiúla Eorpacha feachtais bhreise ar an leibhéal Eorpach, agus ina measc sin bíonn feachtas na bpríomh-iarrthóirí i gcomhair Uachtaránacht An Choimisiúin Eorpaigh.

An Rialachán ina bhfuil an leasú, maille le treoir an Choimisiúin ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais um chosaint sonraí i gcomhthéacs na dtoghchán[4], Moladh an Choimisiúin maidir le gréasáin comhoibre do na toghcháin, an trédhearcacht ar líne agus cosaint in aghaidh eachtraí cibearshlándáil, sin agus feachtais mífhaisnéise a chomhrac i gcomhthéacs na dtoghchán do

[3] OI L 317, 4.11.2014, lch. 1.
[4] COM (2018) 638.

Pharlaimint na hEorpa[5] agus Teachtaireacht ón gCoimisiún mar thacaíocht do thoghcháin Eorpacha[6] a bheidh saor agus cóir, is cuid é de phacáiste slándála. Is aitheasc ón gCoimisiún Eorpach atá ann seo ag cruinniú na gCinnirí in Salzburg an 19-20 Meán Fómhair 2018.

Maidir leis na húdaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí a chomhlíonann an dlí náisiúnta is infheidhme agus an dlí is infheidhme de chuid an Aontais, brostaíonn an Moladh na húdaráis sin lena gcuid cinntí a chur in iúl láithreach agus go réamhghníomhach d'Údarás na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha más eol dóibh go ndearna fondúireacht pholaitiúil Eorpach nó duine nádúrtha nó dlítheanach eile sárú ar na rialacha is infheidhme um chosaint sonraí pearsanta. Ba cheart an t-eolas sin a chur ar fáil nuair is é atá de thoradh ar an gcinneadh, sin nó nuair atá forais réasúnacha eile ann le creidiúint go bhfuil ceangal idir an sárú agus gníomhaíochtaí polaitiúla a chleacht páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach i gcomhthéacs na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa. Brostaíonn an Moladh na Ballstáit chomh maith céanna chun smachtbhannaí iomchuí a chur i bhfeidhm maidir le páirtithe polaitiúla agus fondúireachtaí polaitiúla ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach i gcásanna ina raibh sárú ar rialacha um chosaint sonraí pearsanta agus iad á n-úsáid d'fhonn tionchar a imirt ar thorthaí na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, nó féachaint le tionchar a imirt orthu.

Na hathruithe sonracha ar Rialachán Uimh. 1141/2014, ba cheart dóibh a bheith ar bun roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa in 2019.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ón 25 Bealtaine 2018 i leith, tá an An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[7] i bhfeidhm sna Ballstáit ar fad. Leagtar síos ann caighdeáin arda i gcosaint sonraí atá oiriúnach don gheilleagar digiteach, agus cuirtear iallach ann ar eagraíochtaí a bhíonn ag próiseáil sonraí – páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ina measc – a bheith níos cuntasaí agus níos freagraí ag déileáil dóibh le sonraí pearsanta.

Sa Mholadh a rinne an Coimisiún an 14 Feabhra 2018[8] maidir le hEorpachas agus le dea-riar na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa 2019, d'iarr an Coimisiún ar na húdaráis náisiúnta inniúla dea-chleachtais a shainaithint i sainaithint, i maolú agus i mbainistiú na rioscaí a bhaineann le próiseas toghcháin sna hionsaithe cibearshlándála agus sa mhífhaisnéis. In Aibreán 2018, d'eagraigh an Coimisiún cruinniú le coimisiúin na dtoghchán sna Ballstáit le cúrsaí a phlé, le dea-chleachtais a mhalartú, agus le feasacht a mhéadú i measc na n-údarás náisiúnta maidir le cúrsaí slándála, feachtais mhífhaisnéise, agus cur i bhfeidhm rialacha maidir le toghcháin ar líne.

In Aibreán 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht faoin "Dul i nGleic leis an Mífhaisnéis"[9] inar sainíodh na rólanna agus na freagrachtaí atá ag na páirtithe leasmhara ábhartha, teachtaireacht inar foilsíodh sraith gníomhaíochtaí, ina measc sin cumarsáid straitéiseach an Choimisiún a neartú sa fhreagairt a dhéanann sé don mhífhaisnéis.

Tá comhsheasmhacht idir an moladh[10] sin agus moladh an Choimisiúin i leith an Rialacháin maidir le hurraim don saol príobháideach agus cosaint na sonraí pearsanta i gcumarsáid leictreonach (an

[5] COM (2018) 5949.
[6] COM (2018) 637.
[7] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, rialachán lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).
[8] Moladh ón gCoimisiún (AE) 2018/234 an 14 Feabhra 2018 maidir le feabhas a chur ar Eorpachas agus ar riar éifeachtach na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa in 2019, IO 45 an 17 Feabhra 2018, lch 40).
[9] COM (2018) 235 final.
[10] COM (2017) 10 final.

Rialachán maidir le Ríomhphríobháideachas) a bhfuil athbhreithniú ann ar an Treoir[11] maidir le Ríomhphríobháideachas atá ann faoi láthair, rud a chuirfidh feabhas ar an trédhearcacht agus a thabharfaidh tuilleadh scóip sa chosaint thar na hoibritheoirí teileachumarsáide traidisiúnta amach le seirbhísí cumarsáide leictreonach atá bunaithe ar an idirlíon a thabhairt san áireamh, agus ba cheart do na comhreachtóirí iad a ghlacadh gan mhoill.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

Is ar Airteagal 224 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh atá an moladh bunaithe, Airteagal ina ndeirtear "*go leagfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, reacht na bpáirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 10(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe na rialacha maidir lena maoiniú*", agus ar Airteagal 106a den Chonradh lena mbunaítear An Comhphobal Eorpach don Fhuinneamh Adamhach[12] atá an moladh bunaithe.

- **An Choimhdeacht**

Is trí reachtaíocht AE amháin is féidir aon easpa sa chóras sin a leigheas, sin de bhrí gurb é a fhoráiltear sa Rialachán atá ann córas ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear duine dlítheanach Eorpach ar leith le haghaidh páirtithe agus fondúireachtaí agus cistiú as buiséad an Aontais. Ní rogha a bhaineann le hábhar, dá bhrí sin, beart a dhéanfadh Ballstáit leis féin.

Dá bhrí sin, tá na hathruithe atá beartaithe ag cloí go hiomlán le prionsabal na coimhdeachta. Is ar leibhéal AE amháin is féidir rialacha a leagan síos maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a rialú. Agus bearta athchóirithe féideartha á leagan amach aige, is cúramach a léirigh an Coimisiún na prionsabail i bPrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis na Conarthaí.

- **Comhréireacht**

Faoi mar a míníodh i Roinn 5, na bearta sonracha atá á moladh, ní théann siad thar an méid is gá leis an gcuspóir fadtéarmach atá ann a bhaint amach, is é sin daonlathas na hEorpa agus dlisteanacht institiúidí an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus a neartú.

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Na smachtbhannaí atá á mbeartú, is rud iad atá bunaithe ar an gcóras a leagtar síos i Rialachán 1141/2014 lena mbunaítear smachtbhannaí comhréireacha. Na smachtbhannaí atá á mbeartú, áirithítear leo nach mbeidh pionós ann faoi dhó ar an iompar céanna: maidir le sáruithe ar na rialacha um chosaint faisnéise, is iad na húdaráis mhaoirseachta inniúla um chosaint faisnéise a chuirfidh an pionós i bhfeidhm ina leith, údaráis a bunaíodh leis An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. An t-iompar a gcuirtear smachtbhannaí air faoi scáth an mholta seo, is iompar é lena mbaintear leas as sárú ar rialacha um chosaint sonraí le tionchar a imirt d'aon turas ar thorthaí na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, nó féachaint le tionchar a imirt orthu. Ní chuirfidh an tÚdarás smachtbhannaí i bhfeidhm ar shárú ar rialacha um chosaint sonraí mar rud ann féin.

---

[11] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachta san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach)(IO L 201 , 31.7.2002, lch. 37).

[12] https://europa.eu/european-union/sites/europaeu/files/docs/body/consolidated_version_of_the_treaty_establishing_the_european_atomic_energy_community_ga.pdf

- **An rogha ionstraime**

Rialachán an t-aon ionstraim ar féidir léi Rialachán eile atá ann a leasú.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ag ullmhú an mholta seo dó, chuir an Coimisiún san áireamh na hachainithe a rinneadh le linn na ndíospóireachta agus na n-éisteachtaí i bParlaimint na hEorpa maidir le cás Facebook/Cambridge Analytica, cás a bhain le líomhaintí faoin úsáid a bhain Cambridge Analytica as sonraí lucht úsáide Facebook, agus a thionchar sin ar chosaint shonraí pearsanta daoine aonair san Aontas (éisteachtaí an 4 Meitheamh 2018, 25 Meitheamh 2018 agus 2 Iúil 2018).

Le linn na ndíospóireachtaí agus na n-éisteachtaí sin, tugadh chun follais go bhfuil dlúthbhaint idir an úsáid a bhaintear as teicnící miocraimsithe go míthreorach agus go mí-ionraic, úsáid ar sprioc di tionchar a imirt ar thoradh na vótála, agus ceist aistriú mídhleathach agus phróiseáil sonraí pearsanta. Tá sonraí pearsanta á gcosaint go héifeachtach ag rialacha an Aontais Eorpaigh cheana.

- **Measúnú tionchair**

Níl measúnú tionchair sonrach ag gabháil leis an togra seo. Ní mheastar gur leithne an réimse eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil a thiocfaidh faoina thionchar thar mar atá. Na hathruithe atá a mbeartú, is athruithe iad atá á dtógáil ar na forais smachtbhannaí agus na forais fíorúcháin atá ann cheana, forais a bunaíodh le Rialachán Uimh. 1141/2014.

- **Cearta bunúsacha**

Foráiltear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil *"an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta lucht mionlaigh.* Is luachanna coiteanna de chuid na mBallstát iad na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir na mná agus na fir."

Foráiltear in Airteagal 10(1) agus (2) CAE go mbeidh "*oibriú an Aontais fothaithe ar an daonlathas ionadaíoch*" agus "*go ndéantar ionadaíocht ar na saoránaigh go díreach ar leibhéal an Aontais i bParlaimint na hEorpa*". Is éard a ordaítear i bhfomhír 4 den fhoráil chéanna: "*rannchuidíonn na páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl*". In Airteagal 11 agus Airteagal 12 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh cumhdaítear an ceart chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun saoirse comhlachais. Is éard atá scríofa in Airteagal 7 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: "*Tá sé de cheart ag gach duine go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach, agus a shaol nó a saol teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí, agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú*". Is éard atá scríofa in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: *"(1) Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus a shaol nó a saol teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú. (2) Ní mór sonraí den sórt sin a phróiseáil go cóir ar mhaithe le cuspóirí sonracha agus ar bhonn thoiliú an duine i dtrácht nó ar bhonn dlisteanach éigin eile arna leagan síos le dlí. Tá ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil ar shonraí atá bailithe agus a bhaineann leis nó léi, agus an ceart go ndéanfar na sonraí sin a cheartú. (3) Beidh comhlíonadh na rialacha sin faoi réir a rialaithe ag údarás neamhspleách."*

Na leasuithe is ábhar don togra seo, tá siad faoi réir chuspóirí na bhforálacha seo, agus dá bhrí sin tá siad ag teacht leis na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7, 8 agus 12 den Chairt agus tugann siad éifeacht do na cearta sin.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ionas gur éifeachtach an moladh a bheidh anseo, ó tharla go gcuireann sé le tascanna an Údaráis, is mithid don Údarás socrú níos buaine a bheith aige i dtaca le foireann bhuan. Tá sonraí na n-impleachtaí buiséadacha sa Ráiteas Airgeadais Reachtach atá i gceangal leis an togra seo. Ba cheart na hacmhainní atá ann a athdháileadh mar shocrú níos buaine ar an soláthar d'fhoireann bhuan, agus beidh pleananna bunaíochta na nInstitiúidí rannpháirteacha le leasú chuige sin. Dá bhrí sin, ba cheart na heilimintí seo a chur san áireamh sa Litir Leasúcháin a ghabhann leis an Dréachtbhuiséad 2019 atá ar tí a foilsithe. Ó tharla méid an Údaráis mar atá, níl aon ghá le plean bunaíochta ar leith, ach cuirfear fonóta le Roinn I – Parlaimint na hEorpa ina mbeidh sonrú maidir leis an líon foirne agus an cineál foirne atá i gceist.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Chun smachtbhannaí airgeadais a ghearradh ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha a úsáideann sárú ar rialacha um chosaint sonraí le tionchar a imirt d'aon turas ar thorthaí na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, nó féachaint le tionchar a imirt orthu, molann an Coimisiún na hathruithe sonracha seo a leanas a chur ar an Rialachán:

Moltar nós imeachta fíorúcháin a chruthú i dtaca le sáruithe ar rialacha um chosaint sonraí pearsanta, nós a chuirfeadh iallach ar an Údarás tuairim a bhaint as coiste neamhspleácha na ndaoine mór le rá, rud a tharlódh go luath tar éis cinneadh a dhéanfadh údarás maoirseachta inniúil um chosaint sonraí. Tuairim sin an choiste, a bheadh le cur in iúl roimh sprioc nach fada tar éis an chinnidh, a leagfadh an tÚdarás síos, is amhlaidh a mheasfaí léi ar d'aon turas a úsáideadh an sárú le tionchar a imirt ar thorthaí na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, nó féachaint le tionchar a imirt orthu. Má chuirtear an nós imeachta sin ar siúl, ní hionann sin agus a rá nach féidir nós imeachta maidir le fíorú na comhlíontachta leis na coinníollacha agus na riachtanais chlárúcháin a chur ar siúl freisin, coinníollacha agus riachtanais a leagtar amach in Airteagal 10 den Rialachán i gcásanna a ndéanfaidh páirtithe nó fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha sárú tromchúiseach follasach ar na luachanna bunúsacha ar bunaíodh an tAontas orthu. Is trí Airteagal 10a a chur isteach a chuirfí an nós imeachta seo ar bun.

Le deimhin a dhéanamh de gur féidir an nós imeachta sin a chur ar siúl tráth ar bith, fiú tamall gearr roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, is éard a mholtar soiléiriú a dhéanamh nach infheidhme sa chás seo an sprioc-am a ghabhann leis an nós imeachta maidir le fíorú na comhsheasmhachta leis na coinníollacha agus na riachtanais chláraithe a leagtar amach in Airteagal 10, trí leasú ar an tríú mír d'Airteagal 10(3).

Leasófar Airteagal 11 maidir le coiste neamhspleách na ndaoine mór le rá le tagairt go sainráite don tuairim i faoi thionchar a imirt ar thorthaí na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa.

Cuirfear foras nua i gcomhair smachtbhannaí airgeadais isteach in Airteagal 27 i gcás chás inarb é tuairim coiste neamhspleách na ndaoine mór le rá gur imir páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d'aon turas ar thoradh thoghcháin Parlaimint na hEorpa, nó gur fhéach sé nó sí le tionchar a imirt orthu trí leas a bhaint as sárú ar na rialacha is infheidhme um chosaint sonraí pearsanta.

Cuirfear an foras seo le liosta na sáruithe a choisceann ar pháirtí polaitiúil nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach iarratas a dhéanamh ar chistiú as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh go ceann bliain ó cuireadh an smachtbhanna orthu. Is le leasú ar Airteagal 18 a dhéanfar é seo.

Ar deireadh, ó tharla gur le cinneadh ó údarás inniúil maoirseachta um chosaint sonraí a chuirtear an nós imeachta nua maidir le fíorú ar siúl, moltar mír nua a chur isteach in Airteagal 27 lenarbh fhéidir an smachtbhanna a athbhreithniú dá n-aisghairfí cinneadh an údaráis inniúil mhaoirseachta, nó sa chás gur éirigh le leigheas in aghaidh an chinnidh sin.

Ar deireadh, ionas gur féidir leis an Údarás feidhmiú go neamhspleách agus go héifeachtach, is éard a mholann an Coimisiún go gceapfaí foireann bhuan sa Údarás, agus go mbronnfaí cumhachtaí údaráis cheapacháin ar Stiúrthóir an Údaráis le leasú ar mhír 5 d’Airteagal 6.

2018/0336 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (EU, Euratom) Uimh. 1141/2014 i dtaca le nós imeachta fíorúcháin a bhaineann le sáruithe ar rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta i gcomhthéacs toghchán do Pharlaimint na hEorpa**

***Tuairim ón Coimisiún Eorpach le haghaidh chruinniú na gCeannairí in Salzburg an 19-20 Meán Fómhair 2018***

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 224 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[13],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[14],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014[15], bunaítear stádas dlíthiúil Eorpach sonrach le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus foráiltear ann maidir lena gcistiú as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, agus bunaítear leis freisin údarás le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ("an tÚdarás").

(2) Chun gur féidir leis an Údarás a chúraimí a dhéanamh go hiomlán, lena n-áirítear na cúraimí nua dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus sin a dhéanamh ar bhealach neamhspleách, is gá foireann a sholáthar dó ar bhealach buan agus cumhachtaí údaráis ceapacháin a thabhairt do Stiúrthóir an Údaráis.

(3) Is léir ar theagmhais a thit amach le deireanas cé na rioscaí ó thaobh próisis toghcháin agus daonlathais de is féidir a eascróidh ó úsáid neamhdhleathach sonraí pearsanta. Is gá, dá bhrí sin, sláine an phróisis dhaonlathaigh Eorpaigh a chosaint trí fhoráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí airgeadais i gcásanna ina mbainfidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus

13 IO C , , p. .

14 IO C , , p. .

15 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L317, 4.11.2014, lch.1).

fondúireachtaí polaitiúla Eorpa leas as sáruithe ar rialacha cosanta sonraí chun tionchar a imirt ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa.

(4) Chuige sin, ba cheart nós imeachta fíorúcháin a bhunú ina leagfar síos nach mór don Údarás, i gcásanna áirithe, a iarraidh ar choiste comhdhéanta de dhaoine mór le rá a mheas ar imir páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d'aon turas nó ar fhéach sé nó sí le tionchar a imirt ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí leas a bhaint as sárú ar na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta. I gcás ina gcinnfidh an coiste gurb amhlaidh atá, ba cheart don Údarás smachtbhannaí a fhorchur i gcomhréir leis an gcóras smachtbhannaí éifeachtach comhréireach díspreagtha a bunaíodh le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

(5) Ba cheart an nós imeachta nua a bheith i bhfeidhm chomh maith leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm a úsáidtear chun comhlíontacht le coinníollacha clárúcháin a fhíorú agus i gcásanna ina mbeidh sáruithe follasacha tromchúiseacha ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe. Mar sin féin, níor cheart na teorainneacha ama a bhaineann le comhlíontacht le coinníollacha agus rialacha clárúcháin a leagtar amach in Airteagal 10 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, níor cheart iad a bheith infheidhme maidir leis an nós imeachta nua.

(6) Ós rud é gur le cinneadh ó údarás inniúil maoirsithe cosanta sonraí a chuirfear an nós imeachta ar siúl, ba cheart an deis a bheith ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a iarraidh go n-athbhreithneofaí an smachtbhanna má aisghairtear an cinneadh ón údarás maoirsithe nó má éiríonn le leigheas in éadan an chinnidh sin.

(7) Chun a áirithiú go reáchtálfar toghcháin 2019 do Parlaimint na hEorpa faoi rialacha daonlathacha daingne agus i gcomhréir iomlán le luachanna Eorpacha an daonlathais, an smachta reachta agus an mheasa ar chearta bunúsacha tá sé tábhachtach go dtiocfaidh an nós imeachta fíorúcháin atá beartaithe i bhfeidhm go luath agus gurb infheidhme é a luaithe is féidir. Chuige sin, ba cheart na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a thabharfar isteach leis an Rialachán seo, ba cheart iad a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(5):

'Tabharfaidh baill foirne cúnamh do Stiúrthóir an Údaráis, agus feidhmeoidh sé ina leith na cumhachtaí a thugtar sna Rialacháin Foirne don údarás ceapacháin agus sna Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile don údarás ar tugadh de chumhacht dó conradh fostaíochta seirbhíseach eile a thabhairt chun críche ("cumhachtaí an údaráis ceapacháin")[16]. Féadfaidh an tÚdarás leas a bhaint in aon réimse dá chuid oibre as saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó baill foirne eile nach bhfuil fostaithe ag an Údarás.

[16] Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA) lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach (IO P 045, 14.6.1962, lch. 1385)

Na Rialacháin Foirne agus ag na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus ag na rialacha arna nglacadh le comhaontú ag institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne sin agus na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, beidh feidhm acu maidir le foireann an Údaráis.'

(2) In Airteagal 10(3), cuirtear isteach an abairt seo a leanas ag deireadh an tríú fomhír.

"Ní infheidhme an teorainn ama sin maidir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 10a.";

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 10a seo a leanas:

"Airteagal 10a

**An nós imeachta fíorúcháin a bhaineann le sáruithe ar rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta**

Má fhaigheann an tÚdarás amach go ndearna údarás maoirseachta cinneadh de réir bhrí phointe 21 d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] inar socraíodh gur sháraigh duine nádúrtha nó dlítheanach na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta agus má fhágann an cinneadh sin, nó i gcás ina mbeidh foras réasúnta eile lena chreidiúint, go bhfuil nasc ag an sárú le gníomhaíochtaí polaitiúla a rinne páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach i gcomhthéacs toghchán do Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh an tÚdarás an cás sin faoi bhráid choiste na ndaoine mór le rá neamhspleácha a bhunaítear le hAirteagal 11. Tabharfaidh an coiste tuairim faoin gceist ar imir an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d'aon turas nó ar fhéach sé nó sí le tionchar a imirt ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí leas a bhaint as an sárú sin. Iarrfaidh an tÚdarás an tuairim gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis chinneadh an údaráis maoirseachta. Tabharfaidh an coiste a thuairim faoi cheann tréimhse ghearr réasúnta arna leagan síos ag an Údarás.

Tá an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo gan dochar don nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 10";

(4) in Airteagal 11(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt den chéad fhomhír:

"Ar iarratas an Údaráis, tabharfaidh an coiste tuairim faoin gceist ar imir páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d'aon turas nó ar fhéach sé nó sí le tionchar a imirt ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí leas a bhaint as sárú ar na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta. Sa dá chás sin, féadfaidh an coiste aon doiciméad ábhartha agus aon fhianaise a iarraidh ar an Údarás, ar Pharlaimint na hEorpa, ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó ar an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, ar pháirtithe polaitiúla,fondúireachtaí polaitiúla nó geallsealbhóirí eile agus féadfaidh sé a iarraidh go dtabharfaí éisteacht dá n-ionadaithe. I gcás tuairimí faoin gceist ar imir páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d'aon turas nó ar fhéach sé nó sí le tionchar a imirt ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí leas a bhaint as sárú ar na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta, comhoibreoidh na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 10(a) leis an gcoiste i gcomhréir leis an dlí is infheidhme."

[17] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), (IO L 119, 4.5. 2016, lch. 1).

(5) in Airteagal 18(2) cuirtear na focail " agus i bpointí (a) (v), (vi) agus (vii) Airteagal 27(2)" in ionad na bhfocal "agus i bpointe (a), i bpointe (v) agus i bpointe (vi) Airteagal 27(2)";

(6) Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) i bpointe (a) de mhír (2), cuirtear isteach an pointe (vii) seo a leanas:

"(vii) I gcás, i gcomhréir le hAirteagal 10a, ina n-eiseoidh an coiste tuairim ina mbeidh sé socraithe gur imir páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d'aon turas nó gur fhéach sé nó sí le tionchar a imirt ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí leas a bhaint as sárú ar na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta";

(b) cuirtear isteach an mhír 7 seo a leanas:

"7. I gcás inar aisghaireadh cinneadh ón údarás maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 10a nó inar éirigh le leigheas in éadan an chinnidh sin, athbhreithneoidh an tÚdarás aon smachtbhanna a forchuireadh de bhun phointe (a)(vii) de mhír 2 ar iarratas an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí lena mbaineann.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH


**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thriú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 i dtaca le nós imeachta fíorúcháin a bhaineann le sáruithe ar rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta i gcomhthéacs toghchán do Pharlaimint na hEorpa.

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Cearta bunúsacha

### 1.3. Baineann an togra le

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[18]

X **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **cumasc de bheart amháin nó níos mó i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Is léir ar theagmhais a thit amach le deireanas cé na rioscaí ó thaobh próisis toghcháin agus daonlathais de is féidir a eascróidh ó úsáid neamhdhleathach sonraí pearsanta. Is gá, dá bhrí sin, sláine an phróisis dhaonlathaigh Eorpaigh a chosaint trí fhoráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí airgeadais i gcásanna ina mbainfidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpa leas as sáruithe ar rialacha cosanta sonraí chun tionchar a imirt ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Ba cheart nós imeachta fíorúcháin a bhunú ina leagfar síos nach mór don Údarás arna bhunú le hAirteagal 6 de Rialacháin (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ("an tÚdarás"), i gcásanna áirithe, a iarraidh ar choiste comhdhéanta de dhaoine mór le rá a mheas ar imir páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d'aon turas nó ar fhéach sé nó sí le tionchar a imirt ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí leas a bhaint as sárú ar na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta. I gcás ina gcinnfidh an coiste gurb amhlaidh atá, ba cheart don Údarás smachtbhannaí a fhorchur i gcomhréir leis an gcóras smachtbhannaí éifeachtach comhréireach díspreagtha a bunaíodh le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

IS gá a dhóthain na hacmhainní a bheith ag an Údarás chun a chúraimí a thabhairt i gcrích go hiomlán, idir na cúraimí dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 atá i bhfeidhm cheana agus na cúraimí nua atá beartaithe sa togra leasaitheach seo. Chun sin a áirithiú, tá gá le soláthar foirne cobhsaí agus láidriú na n-acmhainní daonna a sholáthraítear faoi láthair don Údarás.

[18] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.3. .An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Tá sé d'aidhm ag an togra seo páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a dhíspreagadh le torthaí sáruithe ar rialacha cosanta sonraí a úsáid chun tionchar a imirt d'aon turas ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí fhoráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí airgeadais i gcás aon iompar míchuí den chineál sin.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar an méid atá bainte amach*

Ba cheart smachtbhannaí a fhorchur go luath ar aon pháirtithe polaitiúla nó fondúireachtaí polaitiúla a bhfuarthas amach gur bhain siad leas as sáruithe ar rialacha cosanta sonraí chun tionchar a imirt d'aon turas ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ba cheart na smachtbhannaí thuasluaite a bheith ar bun i bhfad roimh thoghcháin 2019 do Pharlaimint na hEorpa chun bearta míchuí thuasluaite a dhíspreagadh. Chun go mbeidh na smachtbhannaí sin oibríochtúil, agus chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní uile is gá ag an Údarás chun a chúraimí uile a bhainistiú, ba cheart acmhainní daonna breise a sholáthar a luaithe is féidir agus sa chéad dul síos trí acmhainní a athlonnú chun na cúraimí sin a dhéanamh sula gcruthófar an tÚdarás.

Chun a chuid oibríochtaí a shimpliú agus chun go mbeidh siad níos neamhspleáiche, ba cheart cumhachtaí an údaráis ceapacháin faoi na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile (Rialachán (CEE, Euratom, CEGC)) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), ba cheart na cumhachtaí sin a tharmligean do Stiúrthóir an Údaráis.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh sé teacht mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain ó chomhordú, deimhneacht dhlíthiúil, níos mó éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo is ionann 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' agus an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil ón Aontas atá sa bhreis ar an luach a bheadh cruthaithe murach sin ag na Ballstáit dá mbeidís ag feidhmiú astu féin.*

Baineann an togra leis an gcóras le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá bunaithe ar leibhéal an Aontais. De bhun Rialachán (EU, Euratom) Uimh. 1141/2014, is comhlachtaí iad sin ar daoine dlítheanacha Eorpacha iad. Is duine dlítheanach é an tÚdarás freisin de réir dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, is trí bhearta ar leibhéal an Aontais amháin is féidir na cuspóirí atá luaite thuas a shaothrú.

Beidh a chuid spriocanna bainte amach ag an togra más rud é (a) go ndíspreagfaidh an córas smachtbhannaí aon pháirtithe polaitiúla Eorpacha nó aon fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha le torthaí sáruithe ar rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta a úsáid go míchuí nó (b) go bhforchuirfear smachtbhannaí i gcás na mbeart sin uile má dhéantar iad.

Ba cheart an tÚdarás a bheith in ann a chúraimí uile a ghlacadh chuige féin, go háirithe san am roimh thréimhse na dtoghchán Eorpacha in 2019 agus san am tar a héis.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

| |
|---|
| Sa chéad tuarascáil bhliantúil ón Údarás, don bhliain 2017, tá sé ráite "Faoi láthair tá an tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha [an tÚdarás] déanta de dhá fhostaí lánaimseartha agus Stiúrthóir. Chun bheith níos cruinne, i Samhain 2016, thug Parlaimint na hEorpa cúntóir riaracháin ar iasacht chun cuidiú leis an Stiúrthóir ÚPPEFPE (an tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha) agus próiseas clárúcháin pháirtithe agus fhondúireachtaí AE a chur ar bun. I Meitheamh 2017, thosaigh comhairleoir dlí le ÚPPEFPE chun comhairle a thabhairt ar chúrsaí nós imeachta, cúrsaí substainteacha agus cúrsaí airgeadais. Faoi láthair is í Parlaimint na hEorpa a sholáthraíonn foireann iomlán ÚPPEFPE. Ní leor an líon foirne atá aige faoi láthair chun gur féidir le ÚPPEFPE na cúraimí a cuireadh air le Rialachán (EU, Euratom) Uimh. 1141/2014 a dhéanamh mar is ceart. Ar a bharr sin, is féidir go ndéanfaidh an easpa foirne sin dochar do neamhspleáchas agus leanúnachas oibre ÚPPEFPE." |

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

| |
|---|
| Níor ghá aon athrú a chur ar uasteorann an chaiteachais riaracháin d'institiúidí an Aontais dá bhforáiltear sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil. |

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

| |
|---|
| Is le hathlonnú acmhainní atá ann cheana den chuid is mó a dhéanfar an méadú atá beartaithe ar sholáthar foirne don Údarás. |

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

**X fad gan teorainn**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[19]

**X Bainistiú díreach** a dhéanfadh Parlaimint na hEorpa tríd an Údarás

– ☐ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas::

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

[19] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx.

☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

| |
|---|
| Is as teideal buiséid sonrach (Teideal 5) de chuid Pharlaimint na hEorpa a mhaointítear an tÚdarás. Léireofar líon agus comhdhéanamh na foirne i mbarúlacha buiséid an teidil shonraigh. Tá cúraimí Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa tarmligthe do Stiúrthóir an Údaráis de réir phointe 7 d’Airteagal 6 de Rialachán (EU, Euratom) Uimh. 1141/2014. |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Leanfaidh an tÚdarás de bheith ag eisiúint tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí faoi Airteagal 10 de Rialachán (EU, Euratom) Uimh. 1141/2014. Tuairisceoidh Parlaimint na hEorpa faoi na hoibríochtaí airgeadais a bhaineann leis an ngníomhaíocht mar chuid de thimthriall cuntasaíochta bliantúil an Aontais.

### 2.2. Córa(i)s b(h)ainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis an modh bainistíochta/na modhanna bainistíochta, an sásra/na sásraí cur chun feidhme cistiúcháin, na módúlachtaí íocaíochta agus an straitéis rialaithe a bheartaítear*

Ós rud é gur comhlacht ar leith an tÚdarás (comhlacht neamhspleách ach a bhfuil a bhuiséad ina chuid de bhuiséad Pharlaimint na hEorpa) is iad na céimeanna atá beartaithe agus iad sin amháin atá loighciúil i bhfianaise na riachtanas atá leagtha amach thuas.

*2.2.2. Faisnéis maidir leis na rioscaí a sainaithníodh agus leis an gcóras/na córais rialaithe inmheánaigh a bunaíodh chun iad a mhaolú*

Is ionann na rioscaí airgeadais atá i gceist agus rioscaí airgeadais aon chuid de chaiteachas riaracháin institiúidí an Aontais agus chumhdófaí iad sa chás seo le córas rialaithe inmheánach Pharlaimint na hEorpa.

*2.2.3. Meastachán ar chostas-éifeachtúlacht na rialuithe agus léiriú air sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú"), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis (ar íoc agus ar dhúnadh)*

Níl aon chóras rialaithe nua beartaithe agus ní suntasach é an t-ualach breise a thiocfadh as na hathruithe seo ar chóras rialaithe inmheánach Pharlaimint na hEorpa.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe*

Bheadh feidhm le forálacha reatha Pharlaimint na hEorpa i leith a chaiteachais riaracháin maidir leis an gcaiteachas atá leagtha amach anseo.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[20] | ó thíortha de chuid CSTE[21] | ó thíortha is iarrthóirí[22] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 5 | Roinn I – Parlaimint na hEorpa | LD/LN | LÍON | LÍON | LÍON | LÍON |

20 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte

21 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

22 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil: | 5 | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain N | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Parlaimint na hEorpa | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 1.43 | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **10.01** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN Parlaimint na hEorpa** | Leithreasuithe | 1.43 | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **10.01** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 1.43 | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **10.01** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain N[23] | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 1.43 | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **10.01** |
| | Íocaíochtaí | 1.43 | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **10.01** |

[23] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad "N" (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– X Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[24] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[25]... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

24 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

25 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

### 3.2.3. *An tionchar a mheastar a imreofar ar acmhainní daonna an Údaráis*

Is ionann na hacmhainní atá leagtha amach thíos agus na hacmhainní atá leagtha amach i roinn 3.2.1. thuas; táthar á n-athlua anseo sa chaoi gur léir gur le haghaidh an Údaráis atá na hacmhainní uile lena mbaineann.

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain N [26] | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh/Gníomhairí Sealadacha (Gráid AD) | 0.715 | 0.715 | 0.715 | 0.715 | 0.715 | 0.715 | 0.715 | 0.715 |
| Oifigigh/Gníomhairí Sealadacha (Gráid AST) | 0.715 | 0.715 | 0.715 | 0.715 | 0.715 | 0.715 | 0.715 | 0.715 |
| Ball foirne ar conradh | | | | | | | | |
| Saineolaí náisiúnta ar iasacht | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **1.43** | **10.01** |

Riachtanais foirne (FTE):

| | Bliain N [27] | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh/Gníomhairí Sealadacha (Gráid AD) | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | **5** | **5** |
| Oifigigh/Gníomhairí Sealadacha (Gráid AST) | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | **5** | **5** |

[26] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad “N” (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

[27] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad “N” (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baill foirne ar conradh | | | | | | | | |
| Saineolaí náisiúnta ar iasacht | | | | | | | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **10** | **10** | **10** | **10** | **10** | **10** | **10** | **70** |

**Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ó na hinstitiúidí a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den institiúid, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don institiúid atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.**

### 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– X Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br><br>[…] |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[28].

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br><br>[…] |

### 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

[28] Féach Airteagal 11 agus Airteagal 17 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

☐ sonraigh, má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Teideal an togra/tionscnaimh[29] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| […] |

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

| |
|---|
| […] |

[29] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.